



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curacláim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar an dréachtsonraíocht do Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta

An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ	1
CUID 1: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN	3
Cur chuige modheolaíoch	3
Freagraí ar an gcomhairliúchán	4
CUID 2: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN	5
Aiseolas uileghabhálach	6
Réasúnaíocht, Aidhmeanna agus Príomhinniúlachtaí	7
Teagasc agus foghlaim	7
Torthaí foghlama – soiléireacht agus comhleanúnachas	8
Snáithe 1: An Domhan agus an Pláinéad	9
Snáithe 2: Daoine, Cumhacht, agus Áit	9
Snáithe 3: Naisc Dhomhanda	9
Snáithe 4: Tascanna Foghlama Feidhmí	10
Comhleanúnachas laistigh den tsonraíocht	10
Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise	10
Inbhainistitheacht agus mealltacht GAFI	11
Tacaíochtaí a bhfuil gá leo don chur i bhfeidhm	11
Aiseolas eile a bhaineann le forbairtí	12
CUID 3: ÚDAIR MHACHNAIMH AGUS TÁTAL	14
Údair Mhachnaimh	14
Tátal	14
TAGAIRTÍ	15
AGUISÍN A HAON: LIOSTA NA RANNPHÁIRTITHE	15

Réamhrá

Foilsíodh An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: an Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna den churaclam atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fíis maidir le sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagadh amach in [Cothromas agus Sármhaitheas do Chách](#) (An Roinn Oideachais, 2022.) Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófaí sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinse. Cuirfear athfhorbairt ábhair Thráinse 1 i gcrích in 2024 lena dtabhairt isteach sna scoileanna in 2025. Cuimsítear athfhorbairt na sonraíochta le haghaidh Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe (GAFI) na hArdteistiméireachta i dTráinse 1.

Cuireadh dréachtsonraíocht GAFI na hArdteistiméireachta ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí náisiúnta ón 2 Feabhra go dtí an 5 Aibreán 2024. Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo tuairimí oscailte agus macánta an phobail a lorg maidir leis an gcuraclam agus socruithe measúnaithe sa dréachtsonraíocht nua do GAFI na hArdteistiméireachta. Ba iad seo a leanas na príomhréimsí fócais laistigh den chomhairliúchán:

- Aiseolas uileghabhálach
- Réasúnaíocht, aidhmeanna agus príomhinniúlachtaí
- Teagasc agus foghlaim
- Torthaí foghlama – soiléireacht agus comhleanúnachas
- Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise
- Inbhainistitheacht agus mealltacht GAFI
- Tacaíochtaí a bhfuil gá leo don chur i bhfeidhm.

Léiríonn na freagraí a tugadh sa chomhairliúchán go bhfuil dearcadh an-dearfach ann i leith na sonraíochta ar an iomlán, cé go raibh roinnt tuairimí scoilte ann. Sheas an cháipéis go han-mhaith agus grinnscrúdú á déanamh uirthi, agus cuireadh fáilte leathan roimh struchtúr an ábhair agus moltaí cabhracha chun feabhas a chur ar an bhfoghlaim atá leagtha amach sna snáitheanna staidéir.

Tacaíodh go láidir leis an réasúnaíocht agus na haidhmeanna, agus na bealaí a bhféadfaí príomhinniúlachtaí a fhorbairt trí GAFI na hArdteistiméireachta. Cuireadh fáilte roimh an mbéim ar ghníomhú san ábhar, agus aithníonn scoláirí, múinteoirí, agus ceannairí scoile go háirithe é seo mar athrú spreagúil agus úrnua ar thaithí na sraithe sinsearaí. Cuireadh fáilte roimh na luachanna agus na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag an bhfoghlaim, go háirithe an bhéim ar dhóchas, dóchas réalaíoch, gníomh éifeachtach, agus an nasc idir foghlaim áitiúil agus foghlaim dhomhanda agus foghlaim faoi stiúir na scoláirí. Thug daoine go leor aitheantas do nádúr comhtháite uathúil an ábhair, ag tarraingt ar dhisciplíní éagsúla, Tíreolaíocht agus eolaíocht ina measc ach eolaíocht shóisialta chomh maith.

I gcodarsnacht leis sin, sonraíodh tuairimí éagsúla maidir le cineál forluiteach GAFI na hArdteistiméireachta le réimsí ábhair eile, go háirithe an Tíreolaíocht, agus na himpleachtaí do stádas measta na n-ábhar sin. Cuireadh inní in iúl freisin maidir le dúshlán a bhaineann le tacú leis an ngné mhothaitheach a bhaineann leis an bhfoghlaim san ábhar seo agus ag dul i ngleic le castachtaí na géarchéime aeráide.

Cuireadh fáilte mhór roimh cheapadh na comhpháirte measúnaithe breise, Tionscadal Gníomhaíochta, le linn an chomhairliúcháin, ach tarraingíodh inní anuas maidir lena hinbhainistitheacht mheasta in 20 uair an chloig.

Tabharfar níos mó eolais ar ghnéithe na dtorthaí ginearálta seo sna coda seo a leanas den tuairisc. Tugtar achoimre i gCuid a hAon ar an bpróiseas comhairliúcháin. Tugtar léargas i gCuid a Dó ar an aiseolas ón gcomhairliúchán agus tá na príomhúdair mhachnaimh agus tátail le fáil i gCuid a Trí.

Cuid 1: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023) CNCM mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

Cur chuige modheolaíoch

Bhí roinnt modhanna rannpháirtíochta i gceist leis an gcomhairliúchán ocht seachtaine chun athbhreithniú a dhéanamh ar GAFI na hArdteistiméireachta:

- Suirbhé ar líne
- Aighneacht scríofa ar líne
- Imeacht náisiúnta comhairliúcháin
- Athbhreithniú scoilbhunaithe.

Baineadh úsáid as cur chuige féinroghnaithe samplála le haghaidh suirbhéanna ar líne agus le haghaidh aighneachtaí scríofa agus an t-imeacht náisiúnta comhairliúcháin. Tugadh cuireadh i ngairm oscailte do scoileanna le haghaidh léirithe spéise chun tacú le léargais a bhailiú ó scoileanna, agus roghnaíodh an sampla ionadaíoch ó na 13 scoil a léirigh spéis i bpáirt a ghlacadh i bhforbairtí ar churaclam GAFI na hArdteistiméireachta. Roghnaíodh na hocht scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí na cuairteanna ar na scoileanna sin ar siúl ó mhí Feabhra go Márta 2024 agus cuimsíodh leo cruinnithe fócasghrúpa le 51 scoláire sa tsraith shóisearach agus shinsearach, 38 múinteoir agus 23 ceannaire scoile. Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sna fócasghrúpaí, agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe i gcuairteanna ar scoileanna a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Rinneadh taifeadadh scríofa ar na seisiúin phlé ar fad le linn an imeachta náisiúnta comhairliúcháin agus na gcuairteanna scoile. Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na fócasghrúpaí agus cuairteanna scoile a anaithnidiú, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2023). Coinníodh príobháideachtas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht cead soiléir í a aithint i gcomhthéacs eagraíochtaí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán. Liostaítear in Aguisín a hAon na daoine aonair agus na heagraíochtaí a thoiligh go n-ainmneofaí iad mar rannpháirtithe sa chomhairliúchán.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach chun anailísí a dhéanamh ar aiseolas agus bhí sé frámaithe ag téamaí teoraithe an chomhairliúcháin. Chabhraigh sé sin leis na téamaí sna sonraí a bailíodh a aithint agus anailís a dhéanamh orthu. Cuirtear achoimre ar an anailís i láthair i gCuid a Dó den tuarascáil seo.

Freagraí ar an gcomhairliúchán

Bhí an próiseas comhairliúcháin fairsing agus leathan, agus fuarthas líon mór aiseolais trí fhoinsí éagsúla, mar atá leagtha amach thíos.

Tábla 1: Achoimre ar rannpháirtithe an chomhairliúcháin

Modh comhairliúcháin	Forbhreathnú ar na rannpháirtithe	Líon
Suirbhé ar líne	Rannpháirtithe, lena n-áirítear <ul style="list-style-type: none"> - Tuismitheoirí/caomhnóirí - Múinteoirí - Scoláirí/Mic Léinn (2ú agus 3ú leibhéal) - Ceannairí scoile - Oideachasóirí agus taighdeoirí tríú leibhéal - Eagraíochtaí agus grúpaí éagsúla atá ag obair i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide agus na forbartha inbhuanaithe 	88
Aighneachtaí ar líne	Rannpháirtithe, lena n-áirítear <ul style="list-style-type: none"> - Tuismitheoirí/caomhnóirí - Múinteoirí - Oideachasóirí agus taighdeoirí tríú leibhéal - Eagraíochtaí agus grúpaí éagsúla atá ag obair i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide agus na forbartha inbhuanaithe 	77
Rannpháirteachas scoilbhunaithe	8 scoil - 112 rannpháirtí	Scoláirí - 51 Múinteoirí - 38 Ceannairí Scoile - 23
Imeacht comhairliúcháin	Lucht freastail a chuimsigh ionadaíocht leathan orthu siúd a bhfuil suim acu in GAFL, lena n-áirítear múinteoirí, oideachasóirí	35 rannpháirtí

breisoideachais/tríú leibhéal, gníomhaireachtaí rialtais, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha

Cuid 2: Aiseolas ón gcomhairliúchán

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Dhírigh an comhairliúchán seo ar thuairimí oscailte agus macánta an phobail a ghabháil maidir leis an gcuraclam agus socruithe measúnaithe sa dréachtsonraíocht nua do GAFI na hArdteistiméireachta. Fuarthas líon mór freagraí ón gcomhairliúchán le réimse leathan tuairimí agus aiseolais iontu. Go ginearálta, bhí meon an-dearfach ann i leith na dréachtsonraíochta. Sheas an tsonraíocht go han-mhaith agus grinnscrúdú á déanamh uirthi, agus bhí roinnt moltaí cabhracha ann le haghaidh feabhsúcháin. Measadh go raibh gá léi, go raibh sí ábhartha agus oiriúnach d'oidreachas na sraithe sinsearaí.

Tar éis dom oibriú le daoine óga ar ghníomhú ar son na haeráide, creidim go fírinneach go bhfuil an tsonraíocht seo uailmhianach agus spreagúil agus go dtaitneoidh sí le go leor scoláirí. Is soiléir a hinfheidhmeachta maidir le go leor staidéir agus gairmeacha amach anseo. Tá sí ionchuimsitheach agus trasnach sna topaicí a dtugann sí aghaidh orthu. Fágann an meascán de mhodhanna teagaisc agus modhanna measúnaithe go bhfuil sí tarraingteach agus inrochtana do scoláirí a bhfuil láidreachtaí agus laigí éagsúla acu. (aighneacht ar líne)

Tá sí soiléir agus fairsing. Tá obair agus léargas maith, tairbheach agus follasach go leor le feiceáil ann. (aighneacht ar líne)

I gcodarsnacht leis sin, léirigh cuid de na freagraí ar líne ar an gcomhairliúchán tuairimí láidre cáinteacha. Bhí roinnt freagróirí cáinteach faoin méid a mheas siad mar na príomh-impleachtaí a bhaineann le daoine óga a theagasc faoi ghníomhú ar son na haeráide, agus phléigh cuid eile acu a n-ábhar cáinteach agus imní a bhaineann le teagasc maidir leis an nádúr a bhaineann leis an ngníomh mar a leagtar amach sa tsonraíocht:

Sármhaith agus ábhartha ach tá an t-ionchas go mbeidh a fhios ag múinteoirí go nádúrtha cathain agus cá háit a 'dtarraingeoidh siad an líne' [maidir leis an nádúr a bhaineann leis an ngníomh] ó thaobh imní faoin timpeallacht a sheachaint ag brath go hiomlán ar oiliúint múinteoirí, ar chúram tréadach, srl. (aighneacht ar líne)

Léirítear aiseolas mionsonraithe sa chuid seo faoi na ceannteidil/téamaí seo a leanas:

- Aiseolas uileghabhálach
- Réasúnaíocht, aidhmeanna agus príomhinniúlachtaí
- Teagasc agus foghlaim

- Torthaí foghlama – soiléireacht agus comhleanúnachas
- Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise
- Inbhainistitheacht agus mealltacht GAFI na hArdteistiméireachta
- Tacaíochtaí a bhfuil gá leo don chur i bhfeidhm.

Cuirtear réimsí eile i láthair sa chuid seo den tuarascáil freisin nár glacadh comhairle maidir leo ar bhonn díreach, ach a shíl an dream a bhí páirteach sa chomhairliúchán a bheith ábhartha d'fhorbairt an ábhair.

Aiseolas uileghabhálach

Bhí an freagra dearfach ann ar an iomlán i leith na dréachtsonraíochta, cé go raibh roinnt tuairimí scoilte ann. Bíodh is go raibh roinnt freagróirí ar líne neodrach ó am go chéile faoi roinnt gnéithe den dréachtsonraíocht, bhí a bhformhór go láidir i bhfabhar, nó go láidir i gcoinne, GAFI na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach mar ábhar. Bhí freagra an tromlaigh ón athbhreithniú scoilbhunaithe agus imeacht comhairliúcháin an-dearfach ar an iomlán.

Maidir leis na scoláirí, na múinteoirí, na tuismitheoirí/caomhnóirí sin, agus na páirtithe leasmhara eile a d'fháiltigh roimh an dréachtsonraíocht do GAFI na hArdteistiméireachta, is amhlaidh a rinne siad mar gheall ar:

- Bhí mothú spleodair agus dearfachta ann maidir le dréachtsonraíocht GAFI na hArdteistiméireachta agus na deiseanna a d'fhéadfadh sí a thabhairt do scoláirí foghlaim faoi, ar mhaithe leis, agus trí ghníomhú ar son domhan cóir agus inbhuanaithe. Measadh gur tairiscint don tsraith shinsearach a bhí 'cróga' agus 'tráthúil' í.
- Measadh go raibh na luachanna agus na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag an bhfoghlaim tábhachtach, go háirithe an bhéim ar dhóchas, dóchas réalaióch, gníomh éifeachtach, agus an nasc idir foghlaim áitiúil agus foghlaim dhomhanda agus foghlaim faoi stiúir na scoláirí.
- Thug daoine go leor aitheantas do nádúr comhtháite uathúil an ábhair, ag tarraingt ar dhisciplíní éagsúla, tíreolaíocht agus eolaíocht ina measc ach eolaíocht shóisialta chomh maith.
- Cuireadh fáilte roimh na deiseanna a thiocfaidh leis na snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama, agus na comhphárteanna measúnaithe foirmitheacha agus suimitheacha chun nádúr comhtháite agus nasctha GAFI na hArdteistiméireachta a dhéanamh infheicthe.

Rinne na rannpháirtithe sa chomhairliúchán, a chuir inní in iúl maidir le GAFI na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach, amhlaidh ar chúiseanna éagsúla:

- Léiríodh roinnt inní maidir le cumas múinteoirí d'aon ábhair a bheith ag déileáil leis an réimse mothaitheach, lena n-áirítear a gcumas freagairtí mothúchána a bhainistiú, chun tacú le scileanna a fhorbairt chun dul i ngleic le héiginnteacht, agus a gcumas inní faoin gcomhshaol a mhaolú.

- Bhí inní ann faoi dhúbailt iomarcach idir an fhoghlaim in GAFI na hArdteistiméireachta agus an taithí ba cheart a bheith ag scoláirí in ábhair eile, go háirithe an Tíreolaíocht, nó an fhoghlaim ba cheart a bheith acu ar fud an churaclaim ar bhealach comhtháite.
- Léirigh roinnt freagróirí tuairimí diúltacha láidre maidir le GAFI na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach, ag tapú na deise chun sceipteachas a chur in iúl maidir le hathrú aeráide a bheith ann ar chor ar bith nó an méid a chuireann daoine leis an athrú aeráide. Léirigh daoine eile inní faoin bhfócas ar ghníomhú in GAFI na hArdteistiméireachta, ag féachaint air mar pholaitiú daoine óga tríd an gcóras oideachais nach bhfuil gá leis.

Réasúnaíocht, Aidhmeanna agus Príomhinniúlachtaí

Bhí tacaíocht láidir ann do réasúnaíocht agus aidhmeanna na sonraíochta ar fud an chomhairliúcháin. Measadh, go háirithe, go raibh tábhacht leis an mbéim ar chastacht a bhainistiú, ar smaointeoireacht chriticiúil agus chórasach, agus ar na buntáistí iomadúla a bhaineann le foghlaim áitbhunaithe agus le foghlaim faoin aer.

Trí chéile, tugadh le fios san aiseolas gur cuireadh fáilte roimh an mbéim ar príomhinniúlachtaí, agus roimh shamplaí den raon bealaí a bhféadfaí iad a fhíorú in GAFI na hArdteistiméireachta. Bhí roinnt pointí aiseolais ann ar thaithí fhoriomlán oideachas na sraithe sinsearaí agus ar an ngá atá le cothromaíocht i dtaithí príomhinniúlachtaí, chomh maith le roinnt pointí sonracha ar an gcaoi a bhféadfaí taithí a fháil orthu in GAFI na hArdteistiméireachta. Mar shampla, thug roinnt aighneachtaí le fios gur minic a léiríodh an smaointeoireacht chriticiúil mar an modh le bheith cruthaitheach sa dréachtsonraíocht, gan mórán béime ar thábhacht gnéithe eile den chruthaitheacht, léiriú ealaíne ina measc. Pointe aiseolais ó aighneachtaí ar líne a tháinig chun cinn arís agus arís eile ba ea gur cheart coincheap an “cheartais aeráide” a shocrú níos láidre sa réasúnaíocht agus sna haidhmeanna. Mhol aighneachtaí eile go láidir go ndéanfaí tagairt do luachanna agus do dheartháir mar chuid den réasúnaíocht agus de na haidhmeanna. Ar deireadh, tugadh le fios i roinnt aighneachtaí nár cuireadh dóthain béime ar choincheapa na forbartha inbhuanaithe agus ar luach bunúsach an dúlra.

Teagasc agus foghlaim

Aithnítear trí ghné den teagasc agus den fhoghlaim sa dréachtsonraíocht a bhfuil aird ar leith le tabhairt orthu agus tugtar treoir maidir le gach ceann acu. Is iad sin:

- An nádúr a bhaineann leis an ngníomh
- An spás foghlama
- An ghné mhothaitheach a bhaineann leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim in GAFI.

D’fháiltigh go leor rannpháirtithe roimh an treoir maidir leis na trí ghné sin den teagasc agus den fhoghlaim, go háirithe an bhéim ar chinnteoireacht scoláirí. Tháinig riachtanas chun cinn chun béim a chur ar mhachnamh ar ghníomhú go láidir ó na sonraí ar fad agus moladh go gcuirfí béim níos mó air sin sa chuid seo. Tháinig sé sin chun cinn go láidir freisin mar aiseolas ar na Tascanna Foghlama Feidhmí (Snáithe 4) agus ar an gcomhpháirt mheasúnaithe bhreise.

Tá an bhéim ar ghníomhú idir iontach agus chróga. Tá na buntáistí féideartha a bhaineann leis an mbéim ar ghníomhú, ar spás foghlama agus ar réimse mothaitheach atá beartaithe ollmhór agus bheadh siad an-tairbheach do scoláirí

agus iad ag tabhairt aghaidh ar a n-aistear saoil. Tá dúshláin shuntasacha ag baint leis an mbéim ar ghníomhú freisin, ach is féidir aghaidh a thabhairt orthu sin go héifeachtach le pleanáil mhaith agus rochtain ar na hacmhainní cuí. (aighneacht ar líne)

Cuireadh faitíos go pointe in iúl maidir le cumas na múinteoirí an ghné mhothaitheach a bhainistiú. Chuir na múinteoirí an faitíos sin in iúl, ach chuir gníomhaireachtaí, a d'oibrigh le múinteoirí chun cabhrú leo inní faoin gcomhshaol a mhaolú ag a gcuid scoláirí, an faitíos in iúl freisin. Cé gur chuir go leor freagróirí ar fud an chomhairliúcháin fáilte roimh threoir maidir leis an ngné mhothaitheach den fhoghlaim san ábhar a bhainistiú, cuireadh inní in iúl maidir leis na hionchais a d'fhéadfadh sé sin a chur ar mhúinteoirí. Luadh freisin nárbh fhéidir foghlaim in GAFI na Ardteistiméireachta a dheighilt ón gcultúr scoile níos leithne maidir le hinbhuanaitheacht agus gur cheart cúram a dhéanamh i gcoinne mí-ailíniú. Chuir roinnt scoláirí sna fócasghrúpaí inní in iúl go mb'fhéidir nach léireofaí na gníomhartha a bhféadfaidís foghlaim fúthu agus tabhairt fúthu in GAFI na hArdteistiméireachta i gcultúr foriomlán na hinbhuanaitheachta a ghlactar laistigh dá scoil.

Agus tagairt á déanamh don treoir maidir leis an spás foghlama, cuireadh inní in iúl maidir lena bhfuiltear ag súil leis ó na múinteoirí. Ag aithint nach bhfuil rochtain ag gach scoil ar an éagsúlacht chéanna spásanna foghlama ach, i bhfianaise an chaoi a léirítear sin sa dréachtsonraíocht, ceistíodh an raibh sé seo ina ghné struis bhreise do mhúinteoirí seachas a bheith ag baint go díreach le foghlaim na scoláirí. Moladh freisin go bhféadfadh léirmhínte ar an spás foghlama a leathnú chun scoláirí a nascadh le tionscnaimh áitiúla, gnólachtaí, agus an seomra ranga a oscailt do shaineolaithe.

Bhí aiseolas measctha ar an nádúr a bhaineann leis an ngníomh mar atá leagtha amach sa tsonraíocht. Dúirt cuid de na freagróirí go raibh an treoir cúng, teoranta d'abhcóideacht a fhorbairt, agus go bhféadfadh roghnú gníomhaíochtaí agus réitigh 'bhunúsacha' a bheith mar thoradh uirthi nach gcíorann saincheistanna go grinn, lena n-áirítear machnamh a dhéanamh ar thraidisiúin chultúrtha a d'fhéadfadh a bheith tar éis cur le cleachtais neamh-inbhuanaithe a fhorbairt. Mhol daoine eile an gá atá le comhbhá agus tuiscint ar ghníomhartha daoine eile a fhorbairt, ag tacú le rannpháirtíocht le haistrithe córa. Ba mhinic a luadh coincheap na n-aistrithe córa mar ghné thábhachtach den fhoghlaim san ábhar ar cheart é a ionchorprú sa réasúnaíocht agus sna torthaí foghlama.

Bhí roinnt rannpháirtithe thar a bheith cáinteach faoin an mbéim ar ghníomhú atá leagtha amach sa tsonraíocht agus a torthaí foghlama, toisc nach bhfeiceann siad go bhfuil ról ag an gcineál sin foghlama san iar-bhunoideachas.

Cuirim i gcoinne an spreagtha san ábhar seo ina n-éilítear ar scoláirí a bheith ina ngníomhaithe ar son na haeráide. (suirbhé ar líne)

Torthaí foghlama – soiléireacht agus comhleanúnachas

Ar an iomlán, tugann aiseolas le fios gur measadh go raibh an dréachtsonraíocht ina cáipéis iontach soiléir, leis na torthaí foghlama agus na sonraí gaolmhara sa cholún 'foghlaímíonn an scoláire faoi' ag soiléiriú na n-ionchas maidir le foghlaim na scoláirí. Bhí múinteoirí sásta go háirithe go mbeadh eolas go leor acu chun pleanáil le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnú in GAFI na hArdteistiméireachta. Cuireadh roinnt inní in iúl, áfach, faoi na mionsonraí sa cholún

‘foghlaímíonn an scoláire faoi’. Bhí éiginnteacht ó chuid de na freagróirí ar ‘gné riachtanach’ nó ‘sampla’ a bhí sa mhéid a bhí liostaithe sa chuid sin.

Luaigh líon suntasach freagróirí ar ghnéithe ar líne agus ar an láthair den chomhairliúchán go raibh tábhacht le gach ceann de na chéad trí shnáithe, agus chuir gach ceann acu gné ar leith agus riachtanach le foghlaim na scoláirí. Rinneadh roinnt moltaí sonracha ar fud an chomhairliúcháin maidir leis na snáitheanna a bheidh ina gcuidiú ag an Meitheal Forbartha maidir leis an tsonraíocht a chur in eagar agus a bheachtú.

Snáithe 1: An Domhan agus an Pláinéad

Measadh go raibh an snáithe ‘An Domhan agus an Pláinéad’ ríthábhachtach chun an t-athrú aeráide a thuiscint agus chun tabhairt faoi ghníomhú eolasach. Moladh gur cheart an coincheap Antraipicéineach a chur leis an bhfoghlaim. Bíodh is gur mhol cuid de na freagróirí go bhfuil iniúchadh fiúntach déanta ar thionchar an duine ar an gcomhshaol, d’áitigh cuid eile nár tuigeadh chomh maith céanna an tionchar diúltach a bhíonn ag an athrú aeráide ar shláinte an duine. Cheistigh múinteoirí ag an imeacht comhairliúcháin inrochtaineacht na snáithe seo do scoláirí ardleibhéil agus gnáthleibhéil araon, ag sonrú an gá atá le leibhéal ard uimheartha eolaíche.

Snáithe 2: Daoine, Cumhacht, agus Áit

Tagraíodh don tsnáithe seo mar ‘suimiúil’ do scoláirí go minic. Bhraith go leor rannpháirtithe go raibh gné dhomhanda in easnamh ann. Léirigh grúpa scoláirí gur mhian leo foghlaim faoin staid dhomhanda agus mheas siad go raibh an bhéim ar iompar pearsanta anseo ‘iomrallach’. Mhol siad go gcothaíonn siad siúd a bhfuil an chumhacht acu an insint seo seachas dul i ngleic le ceist níos leithne na freagrachta corparáidí. Bhraith go leor rannpháirtithe nár tugadh aghaidh go leordhóthanach ar choincheap na cumhachta sa snáithe seo agus gur cheart tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar na hidirghníomhaíochtaí cumhachta a tharlaíonn ar fud an domhain. Mhol líon suntasach rannpháirtithe an tábhacht a bhaineann le tagairt d’earnáil amháin a sheachaint ar bhealach diúltach. Measadh go raibh sé deighilteach agus nach raibh gá le breathnú ar an earnáil talmhaíochta amháin, mar shampla, agus beag a dhéanamh di. Moladh gur cheart breithniú comhionann a dhéanamh ar earnálacha éagsúla agus, ar mhaithe le cothromaíocht, moladh réimsí éagsúla dearfacha fócais.

Snáithe 3: Naisc Dhomhanda

Moladh san aiseolas ar an snáithe seo an gá atá le machnamh níos mó a dhéanamh ar an nasc riachtanach idir gníomhaíochtaí áitiúla agus domhanda agus nascadh soiléir an athraithe aeráide agus na bochtaineachta. Tháinig moladh aníos arís agus arís eile nach raibh dóthain ionadaíochta ar fhorbairt inbhuanaithe sa tsonraíocht ina hiomláine, agus chuirfí fáilte roimh thoradh foghlama ar fhorbairt inbhuanaithe sa snáithe seo. Cuireadh fáilte ghinearálta roimh thagairtí do na meáin agus thug roinnt rannpháirtithe le fios go bhfuil gá le litearthacht sna meáin a fhorbairt tuilleadh trí theagmháil le coincheap na mífhaisnéise agus an chaoi a n-úsáidtear í d’aon ghnó chun tionchar a imirt ar bheartas ar leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Snáithe 4: Tascanna Foghlama Feidhmí

Tá sé mar aidhm ag an snáithe Tascanna Foghlama Feidhmí (TFFanna) in GAFI na hArdteistiméireachta an méid a foghlaimíodh ó na chéad trí shnáithe a chomhtháthú i gcur chuige neamhlíneach, comhtháite. Moladh san aiseolas, áfach, go dteastaíonn soiléiriú ó na tascanna sin agus go bhféadfaí a mheas go bhfuil siad ar leithligh ón bhfoghlaim sna chéad trí shnáithe. Mhol roinnt rannpháirtithe tascanna a bhaint nó iad a shocrú ar bhealach eile, agus mhol cuid eile acu líon na dtorthaí foghlama a laghdú sna chéad trí shnáithe chun am a thabhairt do scoláirí machnamh a dhéanamh ar ghníomhú. Chreid roinnt rannpháirtithe gur cheart na TFFanna a chomhtháthú i dteagasc an ábhair mar atá siad sa Ríomheolaíocht, rud a léiríonn ‘foghlaim trí dhéanamh’ seachas a bheith ag caitheamh leo mar ‘thráthanna móra measúnaithe’.

Agus úsáid á bhaint as an sampla ón Ríomheolaíocht – tá sé nasctha leis an gcaoi a múineann tú an cúrsa – tá luach nach beag ag baint le tabhairt faoi na tascanna foghlama feidhmí (fócasghrúpa do cheannairí scoile)

Comhleanúnachas laistigh den tsonraíocht

Cuirtear béim sa tsonraíocht ar chur chuige neamhlíneach comhtháite i leith na foghlama, agus cuireann TFFanna deiseanna ar fáil do scoláirí dul i ngleic leis an bhfoghlaim sna chéad trí shnáithe. Tugann an t-aiseolas le fios gur fháiltigh rannpháirtithe roimh an struchtúr foriomlán ach mhol siad soiléiriú a dhéanamh ar na deiseanna chun foghlaim a nascadh thar shnáitheanna agus ar ról TFFanna ina leith sin. Ar na tacaíochtaí chun soiléireacht a fheabhsú tuilleadh a moladh, bhí forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL), treoirilínte tacaíochta, agus stór samplaí. Mhol roinnt aighneachtaí snáitheanna nó torthaí foghlama a athordú, ach chreid freagróirí eile go bhféadfadh sé a bheith tairbheach naisc a dhéanamh níos follasaí idir snáitheanna trí fhoghlaim ghairmiúil agus nár cheart dul i ngleic le torthaí foghlama go croineolaíoch.

Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise

Léirigh aiseolas ar fud gach gné den chomhairliúchán sásamh le ceapadh na comhpháirte measúnaithe breise, Tionscadal Gníomhaíochta, agus comhaontú foriomlán gur measúnú iomchuí é d’ábhar den chineál seo. Tarraingíodh anuas roinnt ábhair inné ghinearálta maidir le comhpháirteanna measúnaithe breise (CMBanna) a thabhairt isteach ar fud na sraithe sinsearaí, mar shampla ceisteanna maidir le húsáid na hintleachta saorga (IS) agus fíordheimhniú obair na scoláirí, chomh maith leis an ngá le sceideal foriomlán CMBanna a mheas le nach mbeidh an iomarca measúnaithe le déanamh ag scoláirí.

Go sonrath maidir leis an Tionscadal Gníomhaíochta, ba é an príomhábhar inné a tarraingíodh anuas ná inbhainistitheacht agus praiticiúlacht i bhfianaise leithdháileadh ama 20 uair an chloig. Bhí tuairimí measctha ann maidir leis an leithdháileadh ama 20 uair an chloig, a bhfuil an chuma air go bhfuil sé ag brath ar dhearthaí éagsúla maidir le raon feidhme an Tionscadail Gníomhaíochta. Bunaithe ar an gcur síos ar an Tionscadal Gníomhaíochta atá leagtha amach sa tsonraíocht, mheas roinnt rannpháirtithe nach féidir é a bhaint amach laistigh de 20 uair an chloig. Mheas daoine eile gur leor 20 uair an chloig, toisc go mbeadh taithí ar chuid mhór den obair ullmhúcháin, maidir le bheith réidh le tabhairt faoin tionscadal, trí dhul i ngleic le torthaí foghlama an ábhair ó thús an 5ú

bliain. Dúirt cuid de na freagróirí gur barraíocht ama a bheadh in aon rud os cionn 20 uair an chloig le caitheamh ar thionscadal, i bhfianaise na foghlama eile a bhí le tabhairt faoi mar chuid den chúrsa.

Ní leor 20 uair an chloig ar chor ar bith le bheith ag foghlaim ar dhóigh shuntasach ó cheapadh agus seachadadh tionscadail gníomhaíochta. Is gné rithábhachtach den chúrsa í an Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise agus, dá dtabharfaí fúithi mar is ceart, d'fhéadfadh sí foghlaim agus folláine na scoláirí a neartú. (aighneacht ar líne)

Tá go leor den fhoghlaim agus den neartú scileanna ag tarlú sa seomra ranga – is toradh iad an 20 uair an chloig ar an neartú scileanna. (fócasghrúpa scoláirí)

Bíodh is go raibh glacadh ginearálta leis an ualú 40% don Tionscadal Gníomhaíochta, cheap roinnt rannpháirtithe nár leor é sin i bhfianaise nádúr an ábhair. De ghnáth, nascadh an dearcadh sin le meon go bhfuil níos mó i gceist leis an Tionscadal Gníomhaíochta ná mír mheasúnaithe amháin, ach gur taithí shuntasach í do scoláirí a dhéanann staidéar ar an ábhar.

Ní bheidh sé seo ina ábhar – éireoidh sé ina phaisean – ba cheart go mbeadh sí [an CMB] 50/50% cosúil leis an gceol – beidh sé leabaithe leis an gcaoi a múintear an t-ábhar. (fócasghrúpa do cheannairí scoile)

Inbhainistitheacht agus mealltacht GAFI

Tugann an t-aiseolas le fios gur ábhar é GAFI na hArdteistiméireachta a mheastar a thaitneoidh le scoláirí agus le scoileanna a bhfuil suim acu i ngníomhú ar son na haeráide agus i bhforbairt inbhuanaithe. Bhí meas ag na scoláirí ar an eispéireas foghlama praiticiúil agus ar an deis teagmháil a dhéanamh leis an ábhar ar bhealach a thugann aird ar a gcuid mothúchán agus a ndearcthaí éagsúla. Chonaic múinteoirí agus ceannairí scoile céimeanna iontrála éagsúla chun dul i dteagmháil le GAFI na hArdteistiméireachta, mar shampla Scoileanna Glasa, Modúil Idirbhliana ar Oideachas Saoránachta Domhanda, mearfhaisean, tionscadail rannpháirteachais leis an bpobal, foghlaim dhúlrahunaithe, teagasc lasmuigh, agus rannpháirtíocht ar fud na scoile leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna). Moladh san aiseolas go bhféadfadh tionchar dearfach nó diúltach a bheith ag nádúr foghlama a bhaineann leis an ngníomh ar scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar GAFI na hArdteistiméireachta a roghnú. Léiríodh inné faoi mhealltacht GAFI na hArdteistiméireachta do scoláirí ó eispéiris éagsúla sa tsraith shóisearach agus na difríochtaí i leanúnachas agus dul chun cinn ag brath ar roghanna curaclaim na sraithe sóisearaí. Ar an iomlán, mheas daoine go raibh gá le fairsinge na réimsí a ndéantar iniúchadh orthu in GAFI na hArdteistiméireachta agus go raibh an tsonraíocht inbhainistithe, le roinnt leasuithe molta ar na torthaí foghlama.

Tacaíochtaí a bhfuil gá leo don chur i bhfeidhm

Ba é an tacaíocht ba choitianta a sainithníodh mar thacaíocht a bhí riachtanach leis an tsonraíocht a chur i bhfeidhm ná uasoiliúint múinteoirí trí FGL. Aithníodh go raibh raon réimsí rithábhachtach d'fhoghlaim ghairmiúil rathúil, lena n-áirítear:

- Tascanna foghlama feidhmí a chomhtháthú i dteagasc agus i bhfoghlaim laethúil
- An fhoghlaim a dhéanamh sofheicthe le samplaí nithiúla

- Tacú le tuiscint an mhúinteora ar conas dul i ngleic leis na torthaí foghlama agus na sonraí gaolmhara sa cholún ‘foghlaímíonn an scoláire faoi’
- Gné mhothaitheach na foghlama a bhainistiú
- Naisc a dhéanamh ar fud an ábhair.

Ina theannta sin, bhí iarratais ann go minic ar acmhainní chun cur le soláthar FGL. D’fhonn comhthéacs a thabhairt do chuid den fhoghlaím sa tsonraíocht, moladh san aiseolas go mbainfeadh múinteoirí tairbhe as uirlisí úsáide don teagasc agus don fhoghlaím. Rinneadh tagairt go minic do stór digiteach de smaointe, samplaí agus cás-staidéir ábhartha. D’aithin scoileanna freisin an tábhacht a bhaineann le hacmhainní chun rannpháirteachas le gnéithe éagsúla den ábhar a chumasú, mar shampla foghlaim agus taighde dúlrabhunaithe. D’fhonn rannpháirteachas leis seo agus le réimsí eile den tsonraíocht a chumasú, tugadh le fios go mbeadh gá le maoiniú le haghaidh réimse tacaíochtaí, ina measc rochtain ar spásanna glasa, trealamh bailithe sonraí, bonneagar TFC, turais agus cuairteanna. Mhol rannpháirtithe go leor gur cheart go gcuirfeadh leithdháiltí múinteoirí roghanna ar fáil do theagasc foirne, ós rud é go mb’fhéidir nach bhfuil aon mhúinteoirí sa chóras faoi láthair leis an réimse iomlán eolais idirdhisciplíneach atá riachtanach chun an t-ábhar a mhúineadh. Shonraigh freagróirí eile go raibh gá ag scoileanna rochtain a fháil ar sonraí (m.sh. ó ghnólachtaí atá ag iarraidh a bheith níos inbhuanaithe), nascadh le grúpaí pobail, cáipéisí beartais a aithint agus rochtain a fháil orthu agus idirghníomhú le gnólachtaí. Arís, measadh go mbeadh sé deacair óstáil ar líne faisnéise dá leithéid a bhainistiú ach gur tacaíocht riachtanach a bhí ann.

Aiseolas eile a bhaineann le forbairtí

D’aithin aiseolas an chomhairliúcháin raon dearchtaí a bhaineann le nádúr idirdhisciplíneach GAFI na hArdteistiméireachta agus na himpleachtaí a bhaineann le tairiscint ábhair nua den chineál seo a thabhairt isteach. Bhí tuairimí measctha ann maidir le ról na Tíreolaíochta i ngníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe a theagasc. Bíodh is go raibh sé i gceist sonraíocht GAFI na hArdteistiméireachta a fhorbairt le foghlaim atá éagsúil ó ábhair eile ach a chuireann le hábhair eile freisin, mhol líon beag freagróirí, go príomha ó dhisciplín na Tíreolaíochta, nach bhfuil an fhoghlaím mhionsonraithe éagsúil go leor ón bhfoghlaim a bhfuil soláthar déanta di cheana féin sa Tíreolaíocht. Mhol freagróirí eile, agus iad ag fáiltiú tríd is tríd roimh inneachar maidir le hathrú aeráide a áireamh, go bhféadfaí an t-inneachar seo a chur san áireamh i sonraíocht Tíreolaíochta athbhreithnithe agus cheistigh siad an gá atá ann le ‘hábhar nua’ a fhorbairt.

Tá áthas orm aitheantas don athrú aeráide agus don fhorbairt inbhuanaithe araon a fheiceáil mar dhúshlán shoचाiocha dhomhanda i suíomh oideachais. Mar sin féin, feicim cuid mhaith den ábhar atá leagtha amach sa cháipéis atá lárnach cheana féin i ndisciplín na Tíreolaíochta – ar a laghad mar a mhúintear í go hidirnáisiúnta ag an dara leibhéal agus ag an tríú leibhéal ar fud an domhain, agus Éire san áireamh. (aighneacht ar líne)

Níor aontaigh gach freagróir ón bpobal tíreolaíochta leis an méid sin. Moladh in aighneacht amháin gur féidir le GAFI na hArdteistiméireachta a bheith éagsúil ó ábhar Tíreolaíochta na hArdteistiméireachta atá ann cheana, agus an bhéim níos mó ar ‘An Domhan, a atmaisféar athraithe/atá ag athrú’ agus béim ar réitigh phraiticiúla áitiúla agus dhomhanda chun tacú le

hoiriúnú agus athrú. Cheistigh freagróirí eile an bhféadfadh tionchar a bheith ag áireamh an ábhair ag an dara leibhéal ar an nglacadh leis an Tíreolaíocht ag an tríú leibhéal, rud a mbeadh tionchar aige ar fud an chórais. Bhí roinnt múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú scoilbhunaithe den tuairim go bhféadfadh tabhairt isteach GAFI na hArdteistiméireachta cur leis an Tíreolaíocht, agus le hábhair eile:

Cuireann sé luach agus tá go leor i gcomhar aige leis an Tíreolaíocht, leis an eolaíocht... Ba bhreá liom scoláirí a fheiceáil ag tabhairt faoi chomh maith le hábhar eile. (fócasghrúpa múinteoirí)

Sílim go bhfuil sé cosúil leis an gcaoi a bhfuil Fisic agus Mata Feidhmeach cosúil lena chéile, an chaoi a bhfuil sé seo agus ábhair eile ar nós na Tíreolaíochta cosúil le chéile D'fhéadfadh sé a bheith níos mealltaí toisc go n-oibríonn siad le chéile agus go bhfuil sé tarraingteach na rudaí céanna don dá ábhar a fhoghlaim. Chabhródh sé leat staidéar a dhéanamh agus bhainfeadh sé brú. (fócasghrúpa scoláirí)

Tharraing nádúr idirdhisciplíneach GAFI na hArdteistiméireachta roinnt ceisteanna anuas sa chomhairliúchán le machnamh a dhéanamh orthu. Ba é an cheist ba mhinice a cuireadh ná cé a bheadh cáilithe leis an ábhar a mhúineadh. Bhí sé seo nasctha le moltaí go mb'fhéidir go gcuirfí fáilte roimh theagasc foirne agus go mbeadh sé riachtanach chun GAFI na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach go luath i scoileanna, maidir le cumas múinteoirí a fhorbairt agus a chinntiú go bhfaigheann scoláirí taithí leathan ar an ábhar. Ar an dara dul síos, pléadh stádas an ábhair go minic san athbhreithniú scoilbhunaithe. Bhí spéis ag múinteoirí agus ceannairí scoile a fháil amach cá háit a bhféadfadh an t-ábhar a 'eagrú' ina gcuid tairiscintí curaclaim reatha. Bhí éiginnteacht ann ar tháinig an t-ábhar faoi bhrat ábhar eolaíochta, ábhar ealaíon, nó disciplín iomlán neamhspleách. Ar an gcaoi chéanna, ceistíodh stádas an ábhair maidir le hiontráil tríú leibhéal freisin. Moladh san aiseolas ón gcomhairliúchán go mb'fhéidir go gcaithfí píosa oibre a dhéanamh chun faisnéis faoi GAFI na hArdteistiméireachta a chur in iúl do scoileanna agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí, a chuimseodh príomhtheachtaireachtaí faoi stádas an ábhair, na buntáistí a bhaineann le staidéar a dhéanamh air do scoláirí agus na bealaí ina bhféadfadh sé tacú le tairiscintí curaclaim eile agus a bheith ag cur leo.

Cuid 3: Údair Mhachnaimh agus Tátal

Údair Mhachnaimh

Ar an iomlán, glacadh go han-mhaith le dréachtsonraíocht GAFI na hArdteistiméireachta agus bhain an comhairliúchán a chuspóir amach maidir le tús a chur le cur agus cúiteamh ar ghnéithe lárnacha de cheapadh an ábhair nua.

Fuarthas aiseolas ón gcomhairliúchán a ndéanfaidh an mheitheal forbartha measúnú air le linn dóibh sonraíocht GAFI na hArdteistiméireachta a chur i gcrích.

Ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas lena mbreithniú sa chomhthéacs sin, tá:

- An gá atá ann tógáil ar naisc foghlama ar fud na snáitheanna agus iad a neartú agus ról Tascanna Foghlama Feidhmí ina leith sin
- Eagarthóireacht chúil ar gach ceann de na snáitheanna a ionchorprú chun cur le baint amach aidhmeanna an ábhair, agus ag an am céanna an tsoiléireacht mhaith a cuireadh ar fáil le struchtúr na sonraíochta, na mionsonraí sna torthaí foghlama agus an colún 'foghlaímíonn an scoláire faoi' a choinneáil
- Údar machnaimh ar an gcaoi ar féidir leis an gcur síos ar an gComhpháirt Mheasúnaithe Bhreise aghaidh a thabhairt ar dhearcthaí maidir le hinbhainistitheacht, agus ag an am céanna a bheith ag cloí le ceapadh na comhpháirte ar cuireadh fáilte roimhe
- Údar machnaimh ar thacaíochtaí cuí don chur i bhfeidhm.

Tátal

Tugadh neart faisnéise sa phróiseas comhairliúcháin. Aithnítear rannpháirtíocht a ghlac páirt sa comhairliúchán agus tá CNCM buíoch as an aiseolas oscailte, ionraic, tiomanta, bunaithe, sainiúil agus bunaithe ar thaithí Léirítear san aiseolas ón gcomhairliúchán go bhfuil dearcthaí an-dearfacha ar an dréachtsonraíocht, ach ag an am céanna, aithnítear gur rithábachtach iad foghlaim ghairmiúil, tacaíochtaí agus acmhainní le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil. Aithnítear leibhéal mór ionchur ó mhúinteoirí agus léiríonn an freagairt dhearfach ó mhúinteoirí dóchas faoin deis an t-ábhar nua seo a thabhairt isteach sa i gcuraclam na hÉireann.

Tagairtí

An Roinn Oideachais (2022) *Fógraíonn an tAire Foley plean le haghaidh athchóiriú oideachas na Sraithe Sinsearaí - Cothromas agus Sármhaitheas do*

Chách <https://www.gov.ie/ga/preasraitis/fograionn-an-taire-foley-plean-le-haghaidh-athchoiriu-oideachas-na-sraithe-sinsearai-cothromas-agus-sarmhaitheas-do-chach/?>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2022) Tuarascáil Chomhairleach na Sraithe Sinsearaí, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ar https://ncca.ie/media/5399/scr-advisory-report_en.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023) *Beartas Cosanta Sonraí* [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/media/4810/ncca-data-protection-policy_ga.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023b) *Straitéis Taighde 2023 - 2026* [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/media/6273/cncm_straitéistaighde_2023-2026.pdf

Aguisín a hAon: Liosta na Rannpháirtithe

Seo a leanas liosta de dhaoine aonair agus/nó d'eagraíochtaí a thug freagra ar an gcomhairliúchán, ar mhian leo a bheith liostaithe sa tuarascáil seo.

Eastát Bhán an Aeir

An Taisce

Oideachas - An Taisce

Lárionad um Chur Chun Cinn Teagasc agus Foghlaim ETIM (CASTeL), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Gearrchúrsa um Ghníomhú ar son na hAeráide

Comhionad don Aeráid +Bithéagsúlacht+Uisce (ionchur ón Ollamh Yvonne, Buckley, an tOllamh Mary Kelly-Quinn, an tOllamh Iris Moeller, an tOllamh Comhlach. John O'Sullivan, an tOllamh Comhlach Diarmuid Torney)

Community Gardens Ireland

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
Disciplín na Geolaíochta, Scoil na nEolaíochtaí Bitheolaíochta, Cruinne agus Comhshaoil, i gColáiste na hOllscoile Corcaigh

EcoEd4All agus Eco Advocates

EcoEd4All, ECO-EOECNA, Susan Adams Education for Sustainability, Grúpa Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Ionad Tacaíochta Oideachais, Global Action Plan Ireland, Líonra Inbhuanaitheachta de Scoileanna na hÉireann, Gearrchúrsa um Ghníomhú ar son na hAeráide don tSraith Shóisearach leis an Múinteoir Michael Grehan ó Choláiste Belvedere, WorldWise Global Schools.

ECO-EOECNA

Oideachas don Inbhuanaitheacht

Pobail Fheimineacha ar son an Cheartais Aeráide (Comhairle Náisiúnta na mBan agus Community Work Ireland)

Tionscnamh Pháirc Náisiúnta Chathair na Gaillimhe

Cumann Geografach na hÉireann
Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann, rannán de chuid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide,
Global Action Plan
Go Vegan World
Green Foundation Ireland
Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse FSS
iCRAG - Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha
Institiúid Gheolaithe na hÉireann (IGI)
Irish Agroforestry Forum
Irish Apple Growers Association
Irish Climate Science Forum (www.ICSF.ie)
Cumann Comhar-Eagraíochtaí na hÉireann
Cumann Forbartha Oideachas na hÉireann (IDEA)
Irish Doctors for the Environment
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
Institiúid Pleanála na hÉireann
Líonra Inbhuanaitheachta de Scoileanna na hÉireann
Just Forests
Bailte Slachtmhara Chinn Mhara
Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí - NAPD
Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí
Natural Capital Ireland
NatureNorthWest
Rotary Ireland
RWE Renewable Ireland
Scoil an Oideachais, Ollscoil na Gaillimhe: Kathryn Moore, an Dochtúir Brenda Gallagher, agus Vicki Donnelly - Foireann. Kevin Crowley, John Feeney, Sophie Leach, Liam McInerney agus Naomi O'Leary - Mic Léinn
Cumann Foraoiseoirí na hÉireann
Students Climate Action Network
The Beef Plan Movement
An Lárionad um Chearta an Duine agus um Oideachas Saoránachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
The Climate Academy ASBL (eagraíocht sheachbhrabúsach, bunaithe sa Bheilg)
An Chomhairle Oidhreachta
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)
Education and Public Engagement teams on climate action and sustainability, comhaighneacht - Ann Devitt: Ollamh Comhlach le hOideachas Teanga i Scoil an Oideachais i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Amanda Mathieson: Bainisteoir Rannpháirtíochta Pobail, Oideachais agus Cumarsáide, ag Ionad Biorbic FEÉ, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath Aoife Deane: Bainisteoir Cumarsáide agus Rannpháirtíochta Pobail, ag Ionad MaREI FEÉ, Coláiste na hOllscoile Corcaigh Daniel Ferrick: Bainisteoir Oideachais agus Rannpháirtíochta Pobail, ag Ionad Taighde Connect FEÉ, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Grace D'Arcy Bainisteoir Cláir Rannpháirtíochta ag Ionad Taighde Connect FEÉ, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Mairead Hurley: Ollamh Cúnta san Oideachas Eolaíochta, Scoil Oideachais agus an Grúpa Taighde Eolaíochta agus Sochaí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Trócaire



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curacláim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar an dréachtsonraíocht do Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta

